Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0186(COD)**

**13264/24
ADD 1**

**CODEC 1786
AVIATION 111**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh**

Gan dochar do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil ná do chumhachtaí an Choimisiúin an dréachtbhuiséad a bhunú, iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún a mholadh, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil, go gcruthófaí líne bhuiséid bhreise le haghaidh tacaíocht riaracháin faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), arna maoiniú ó na leithreasuithe atá ar fáil faoi SCE mar a shainaithnítear iad sa Ráiteas Airgeadais Reachtach arna sholáthar ag an gCoimisiún. Chumhdódh an líne bhuiséid nua sin na costais a ghabhann le gníomhairí conarthacha agus caiteachais riaracháin eile do rúnaíocht an Bhoird Athbhreithnithe Feidhmíochta, don Bhord Athbhreithnithe Feidhmíochta agus do Bhord um Chomhar na nÚdarás Maoirseachta Náisiúnta, mar shampla, cúnamh teicniúil, costais saineolaithe, conarthaí le haghaidh soláthar sonraí, staidéir sheachtracha agus le haghaidh seirbhísí comhairliúcháin breise, agus maoineofar poist an phlean bunaíochta ón líne bhuiséid riaracháin faoi Cheannteideal 7, agus lánurraim á tabhairt don Rialachán reatha maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil. A mhéid is féidir, ba cheart an maoiniú sin faoi SCE a bheith gan dochar do na cistí a cuireadh in áirithe cheana sa Chlár Oibre Iompair is déanaí de chuid SCE.

Le maoiniú gníomhairí conarthacha agus caiteachas riaracháin eile faoi SCE do rúnaíocht an Bhoird Athbhreithnithe Feidhmíochta, don Bhord Athbhreithnithe Feidhmíochta agus do Bhord um Chomhar na nÚdarás Maoirseachta Náisiúnta, níor cheart fasach a leagan síos chun rúnaíocht bord eile a mhaoiniú. Níor cheart dó réamhbhreith a dhéanamh ar bhealach ar bith ar na socruithe maoiniúcháin atá le comhaontú faoi chuimsiú an chéad Rialacháin eile maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.